**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia*

**2023/0199(COD)**

3.10.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

chuig an gCoiste um Buiséid agus chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an tArdán Teicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/2411
(COM(2023)0335 – C9- 0209/2023 – 2023/0199(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Tiemo Wölken

PA_Legam

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia ar an gCoiste um Buiséid agus ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na nithe seo a leanas a chur i gcuntas:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Ba cheart Treoir 2003/87/CE[54] a leasú chun maoiniú breise a cheadú le clúdach airgeadais EUR 5 bhilliún don tréimhse 2024-2027. Leis an gCiste don Nuálaíocht, tacaítear le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha, ar raon feidhme é sin atá le cumhdach ag STEP. Dá bhrí sin, leis an méadú ar mhéid an Chiste don Nuálaíocht, ba cheart a bheith in ann maoiniú a sholáthar lena bhfreagrófar don chuspóir maidir le tacú le teicneolaíochtaí glana criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas. I gcomhréir leis na cuspóirí maidir le comhtháthú a áirithiú agus an Margadh Aonair a chur chun cinn, agus chun tacú leis an aistriú glas agus le forbairt teicneolaíochtaí glana ar fud an Aontais, ba cheart an t-imchlúdach airgeadais breise a chur ar fáil trí ghlaonna ar thograí a bheidh oscailte d'eintitis ó Bhallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 an Aontais arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017. | (12) Ba cheart Treoir 2003/87/CE[54] a leasú chun maoiniú breise a cheadú le clúdach airgeadais EUR 5 bhilliún don tréimhse 2024-2027 ***ag eascairt ón gcreat airgeadais ilbhliantúil***. Leis an gCiste don Nuálaíocht, tacaítear le hinfheistíochtaí i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin nuálacha, ar raon feidhme é sin atá le cumhdach ag STEP. Dá bhrí sin, leis an méadú ar mhéid an Chiste don Nuálaíocht, ba cheart a bheith in ann maoiniú a sholáthar lena bhfreagrófar don chuspóir chun tacú le teicneolaíochtaí glana criticiúla a fhorbairt nó a mhonarú san Aontas. ***Ba cheart glaonna ar thograí a dhearadh agus a ailíniú chun cuspóirí an Aontais a leagtar amach ó thaobh acmhainn déantúsaíochta intíre i bpríomhshlabhraí luacha tionsclaíochta a bhaint amach.*** I gcomhréir leis na cuspóirí maidir le comhtháthú a áirithiú agus an Margadh Aonair a chur chun cinn, agus chun tacú leis an aistriú glas ***agus cóir*** agus le forbairt teicneolaíochtaí glana ar fud an Aontais, ba cheart ***75%*** den imchlúdach airgeadais breise a chur ar fáil trí ghlaonna ar thograí a bheidh oscailte d'eintitis ó Bhallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 an Aontais arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017. |

[54] Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear

[54] Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear

| | |
|---|---|
| scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). | scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32). |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Agus cinneadh á dhéanamh maidir le tionscadail infheistíochta a mhaoiniú óna sciartha faoi seach den Chiste don Nuachóiriú i gcomhréir le hAirteagal 10d de Threoir 2003/87/CE, breithneoidh na Ballstáit mar thosaíocht tionscadail le haghaidh teicneolaíochtaí glana criticiúla a bhfuil an Séala Ceannasachta faighte acu i gcomhréir le mír 1. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tacaíocht náisiúnta a dheonú do thionscadail a bhfuil Séala Ceannasachta acu lena rannchuidítear le cuspóir an Ardáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a)(ii). | 4. Agus cinneadh á dhéanamh chun tionscadail infheistíochta a mhaoiniú óna sciartha faoi seach den Chiste don Nuachóiriú i gcomhréir le hAirteagal 10d de Threoir 2003/87/CE, breithneoidh na Ballstáit mar thosaíocht tionscadail le haghaidh teicneolaíochtaí glana criticiúla a bhfuil an Séala Ceannasachta faighte acu i gcomhréir le mír 1 ***agus a chuireann béim ar leith ar aistriú cóir cuimsitheach***. Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh tacaíocht náisiúnta a dheonú do thionscadail a bhfuil Séala Ceannasachta acu lena rannchuidítear le cuspóir an Ardáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a)(ii). |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe 1**
Treoir 2003/87/CE
Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 6

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I dteannta na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme freisin leis an gCiste don Nuálaíocht imchlúdach airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar fiú EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha é, chun tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a)(ii) de | I dteannta na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír go dtí an cúigiú fomhír den mhír seo, cuirfear chun feidhme freisin leis an gCiste don Nuálaíocht imchlúdach airgeadais don tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, ar fiú EUR 5 000 000 000 i bpraghsanna reatha é***, mar a fhoráiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093***, chun tacú le hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí |

Rialachán .../...[63] [Rialachán STEP]. Ní chuirfear an t-imchlúdach airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ach amháin i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017

[63] Rialachán …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

STEP dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a)(ii) de Rialachán .../...[63] [Rialachán STEP]. Ní chuirfear ***75% den*** imchlúdach airgeadais sin ar fáil chun tacú le hinfheistíochtaí ach amháin i mBallstáit a bhfuil a meán-OTI per capita faoi bhun mheán AE-27 arna thomhas de réir na gcaighdeán cumhachta ceannaigh (CCC) agus arna ríomh ar bhonn fhigiúirí an Aontais don tréimhse 2015-2017.

***Ina theannta sin, sna glaonna ar thograí atá tiomnaithe don imchlúdach airgeadais seo, tabharfar aird ar leith ar chumas na dtionscadal aistriú cóir cuimsitheach a chur chun cinn sna Ballstáit, agus cuspóirí agus critéir an Chiste Nuálaíochta á gcur chun feidhme ag an am céanna mar a leagtar síos sa mhír seo (i.e. Airteagal 10a(8) de Threoir ETS) agus lena ndírítear ar chothromaíocht gheografach tacaíochta airgeadais.***

[63] Rialachán …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … [cuir isteach teideal iomlán agus tagairt IO].

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (‘STEP’) agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE, Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 |
| **Tagairtí** | COM(2023)0335 – C9-0209/2023 – 2023/0199(COD) |
| **Coistí freagracha**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | BUDG ITRE<br>13.7.2023 13.7.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.7.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 13.7.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Tiemo Wölken<br>17.7.2023 |
| **Riail 55 - Nós imeachta coiste comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | 13.7.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 2.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 46<br>–: 8<br>0: 8 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Catherine Amalric, Mathilde Androuët, Maria Arena, Margrete Auken, Marek Paweł Balt, Aurélia Beigneux, Monika Beňová, Hildegard Bentele, Sergio Berlato, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Michael Bloss, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzì, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Catherine Griset, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Tilly Metz, Silvia Modig, Alessandra Moretti, Ljudmila Novak, Grace O’Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Frédérique Ries, Sándor Rónai, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone, Christine Schneider, Günther Sidl, Ivan Vilibor Sinčić, Nils Torvalds, Edina Tóth, Petar Vitanov, Alexandr Vondra, Pernille Weiss, Emma Wiesner, Michal Wiezik, Tiemo Wölken |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Radan Kanev, Ondřej Knotek |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Laura Ballarín Cereza, Javier Moreno Sánchez, Eugen Tomac |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 46 | + |
|---|---|
| ID | Gianna Gancia, Maria Veronica Rossi, Silvia Sardone |
| NI | Maria Angela Danzì |
| EPP | Radan Kanev, Marian-Jean Marinescu, Liudas Mažylis, Ljudmila Novak, Eugen Tomac |
| Renew | Catherine Amalric, Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Ondřej Knotek, Frédérique Ries, Nils Torvalds, Emma Wiesner, Michal Wiezik |
| S&D | Maria Arena, Laura Ballarín Cereza, Marek Paweł Balt, Monika Beňová, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Tudor Ciuhodaru, Cyrus Engerer, Javier Moreno Sánchez, Alessandra Moretti, Nikos Papandreou, Sándor Rónai, Günther Sidl, Petar Vitanov, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Silvia Modig |
| Na Glasaigh/SCE | Margrete Auken, Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Pär Holmgren, Tilly Metz, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus |

| 8 | - |
|---|---|
| ECR | Sergio Berlato, Pietro Fiocchi |
| EPP | Hildegard Bentele, Alexander Bernhuber, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Christine Schneider, Pernille Weiss |

| 8 | 0 |
|---|---|
| ECR | Alexandr Vondra |
| ID | Mathilde Androuët, Aurélia Beigneux, Catherine Griset |
| NI | Ivan Vilibor Sinčić, Edina Tóth |
| EPP | Nathalie Colin-Oesterlé |
| S&D | Heléne Fritzon |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh